


AN MÚINTEOIR NUA


Séideán Sí



**Ábhar tacaíochta léitheoireachta
agus tuisceana**

Brídín Nic Uiginn

COMHAIRLEOIRÍ SRAITHE: SIOBHÁN NÍ DHÚILL AGUS BRÍDÍN NIC UIGINN



CLÁR

Tuar a dhéanamh	3
Caibidil 1	4
Caibidil 2	7
Caibidil 3	12
Caibidil 4	16
Caibidil 5	21
Caibidil 6	23
Léirmheas	25



TUAR A DHÉANAMH

Is é atá i gceist le tuar a dhéanamh ná tomhas nó buille faoi thuairim a thabhairt ar rud a tharlóidh amach anseo.

1. Féach ar chlúdach an leabhair agus an teideal.
2. Déan cur síos ar an bpictiúr.
3. Léigh an blurba ar an leathanach cúil.
4. Féach tríd an leabhar go tapa - is é sin, scinn tríd an leabhar agus féach ar na pictiúir.
5. Déan tuar agus scríobh cad a tharlóidh sa scéal, dar leat.

Seo scéal faoi _____



CAIBIDIL 1

Triail Tuisceana

1. Cén rang a tugadh don Mháistir Ó Riain le múineadh?
2. An raibh an Máistir Ó Riain sásta leis an rang a tugadh dó? Cén fáth?
3. Cad a rinne an Máistir Ó Riain nuair a thug an príomhoide an rang dó?
4. Cén saghas páistí atá i Rang a Ceathair?
5. An raibh múinteoir ar bith eile sásta an rang sin a mhúineadh? Cén fáth?
6. Conas mar a shocraigh an príomhoide an rang a thabhairt don Mháistir Ó Riain?
7. Cad a bhí Aifric agus Siobhán a dhéanamh nuair a shiúil an Máistir isteach sa rang?
8. Cad a bhí ar siúl ag Dónall agus Eoghan?
9. Ar thug na páistí aon aird ar an máistir? Cén fáth?
10. Aimsigh an abairt a thugann le fios dúinn nár chuala na páistí an Máistir nuair a bhéic sé, 'Bígí Ciúin!'



Stór Focal

Cuardach Focal

Aimsigh na focail seo thíos.

rogha, fiáin, smacht, crannchur, ciarsúr, áiféiseach, dallóga, príomhoide, tharraing, daoine, labhairt, isteach, rang, canadh, toradh,

M	O	H	L	Y	M	O	J	O	X	S	H	X	H	A	Q	Á	E	R	C
F	X	D	G	X	Q	L	C	I	V	C	V	H	P	A	T	I	R	O	B
W	M	A	R	R	Y	Z	W	V	H	J	O	Y	B	Q	L	F	E	G	X
L	Z	R	C	W	F	N	R	A	N	G	N	R	G	G	Q	É	Q	H	G
L	Z	C	S	M	A	C	H	T	Z	I	X	C	A	N	C	I	H	A	D
Y	H	J	F	L	U	T	D	E	M	B	D	G	A	W	I	S	X	Q	A
A	R	V	M	K	S	O	P	J	M	Q	E	Y	Y	M	X	E	A	N	O
U	A	U	B	Y	M	R	U	C	L	G	X	O	T	A	D	A	P	L	I
I	U	M	Q	Q	V	A	Q	K	I	R	T	V	T	Z	R	C	R	O	N
A	G	Q	G	H	K	D	R	L	C	C	C	U	C	Y	S	H	Í	P	E
X	O	F	N	T	M	H	O	V	A	D	I	M	A	P	U	P	O	Z	A
Q	O	B	U	V	R	S	N	Q	W	B	L	A	S	Q	A	P	M	O	H
T	F	N	U	V	C	R	A	N	N	C	H	U	R	G	X	P	H	F	N
E	R	D	Q	P	Q	Z	P	X	J	H	A	A	L	S	N	N	O	Y	O
Q	I	X	Q	I	I	Z	O	U	G	K	J	N	I	G	Ú	T	I	S	U
T	H	A	R	R	A	I	N	G	I	B	T	R	A	R	L	R	D	V	W
K	C	T	M	X	K	H	I	H	P	N	B	N	W	D	T	Q	E	B	W
D	A	L	L	Ó	G	A	I	S	T	E	A	C	H	U	H	G	J	K	V
O	A	Z	M	Z	Z	O	V	H	F	I	Á	I	N	C	K	S	T	M	Y
E	Q	V	K	V	U	F	R	F	P	Z	P	O	K	I	H	A	Z	M	Y

Cuir na focail seo a leanas seo in abairtí:

1. fiáin: _____
2. smacht: _____
3. an-chrosta: _____
4. rogha: _____
5. crannchur: _____
6. thriomaigh: _____
7. áiféiseach: _____
8. phléasc: _____

Athscríobh an t-alt seo thíos agus an phoncaíocht cheart á húsáid agat.

Tugadh rang a ceathair don mháistir ó riain ní raibh sé sásta bhí an rang sin fiáin ach tá na páistí sa rang sin fiáin tá siad imithe ó smacht ar fad arsa an máistir ó riain ní raibh múinteoir ar bith eile sa scoil sásta an rang sin a mhúineadh ach an oiread dúirt an príomhoide leis an máistir ó riain gur chuir sé ainmneacha na múinteoirí isteach i hata agus gur tharraing sé ainm amháin amach tháinig d'ainmse amach arsa an príomhoide phléasc an máistir ó riain amach ag caoineadh ní raibh sé sásta

**Plé Ranga**

Cad a dhéanfaidh an Máistir Ó Riain chun Rang a Ceathair a chur faoi smacht? An éireoidh leis, do bharúil?

**Gramadach**

Sa chaibidil seo tá briathra a dhéanann cur síos ar Rang a Ceathair. Aimsigh 8 mbriathar a léiríonn cad a bhí ar siúl ag Rang a Ceathair.

- | | | |
|----------|----------|----------|
| 1. _____ | 2. _____ | 3. _____ |
| 4. _____ | 5. _____ | 6. _____ |
| 7. _____ | 8. _____ | |

Cuir na briathra a d'aimsigh tú thuas in abairtí.

- 1.
- 2.
- 3.
- 4.
- 5.
- 6.
- 7.
- 8.



CAIBIDIL 2

Triail Tuisceana

Roghnaigh an freagra ceart agus scríobh ar an líne é.

1. Cad a dúirt bean chéile an Mháistír Uí Riain leis an oíche sin?
 - a. Caithfidh tú ligean leo.
 - b. Caithfidh tú an fód a sheasamh.
 - c. Caithfidh tú labhairt lena gcuid tuismitheoirí.

2. Conas mar a bhí an máistir gléasta an lá arna mhárach?
 - a. Bhí clogad ar a cheann agus camán ina lámh.
 - b. Bhí bata mór ina lámh aige.
 - c. Bhí masc ar a aghaidh.

3. Nuair a d'oscail an máistir doras an tseomra ranga:
 - a. Bhí sé iontach ciúin.
 - b. Bhí sé ina chath idir na buachaillí agus na cailíní.
 - c. Bhí na páistí ag obair go díograiseach.

4. Cad a bhí á gcaitheamh ag na páistí lena chéile?
 - a. Bhí siad ag caitheamh cístí beaga agus ceapairí lena chéile.
 - b. Bhí siad ag caitheamh leabhair agus pinn luaidhe lena chéile.
 - c. Bhí siad ag caitheamh liathróidí lena chéile.

5. Cad a tharla nuair a bhuail an Máistír an camán ar an mbord?
 - a. Lean na páistí orthu ag pleidhcíocht.
 - b. Stop na páistí nuair a chuala siad an torann.
 - c. Thosaigh siad ag luascadh as na dallóga.

6. Cad a phléasc ar sheaicéad an Mháistir?
- Boiscín bainne
 - Buideál uisce
 - Uachtar reoite
-
7. Rith an Máistir amach an doras. Cá ndeachaigh sé?
- Chuaigh sé go dtí oifig an phríomhoide.
 - Chuaigh sé go dtí stad an bhus.
 - Chuaigh sé go dtí an siopa.
-
8. Cad a dúirt an Máistir leis an bpríomhoide?
- Is saighdiúir a bheadh uait don rang sin.
 - Is píolóta a bheadh uait don rang sin.
 - Is dochtúir a bheadh uait don rang sin.
-

Cuir na focail agus nathanna seo a leanas in abairtí a léireoidh a mbrí:

- i gceannas: _____
- deacracht: _____
- ina chath: _____
- lena chéile: _____
- an fód a sheasamh: _____
- torann: _____
- clúdaithe: _____



Gramadach

Scríobh na briathra seo san Aimsir Láithreach agus san Aimsir Fháistineach

Aimsir chaite

Bhuail sé

Chaith sé

Rug sí

Bhí sé

Phléasc sí

Rith sí

Bhailigh sé

D'oscail sí

D'éirigh sí

Aimsir Láithreach

Aimsir Fháistineach



Briathra Neamhrialta

Is briathra iad seo nach leanann na rialacha a bhaineann le briathra eile. Is **eisceachtaí** iad.

An Fhoirm Dhearfach - An Chéad Phearsa (✓)

Fréamh

Aimsir Chaite

Aimsir Láithreach

Aimsir Fháistineach

téigh

Chuaigh mé

Téim

Rachaidh mé

feic

Chonaic mé

Feicim

Feicfidh mé

abair

Dúirt mé

Deirim

Déarfaidh mé

déan

Rinne

Déanaim

Déanfaidh mé

faigh

Fuair mé

Faighim

Gheobhaidh mé

bí

Bhí mé

Bím

Beidh mé

beir

Rug mé

Beirim

Béarfaidh mé

tar

Tháinig mé

Tagaim

Tiocfaidh mé

ith

D'ith mé

Ithim

Íosfaidh mé

clois

Chuala mé

Cloisim

Cloisfidh mé

tabhair

Thug mé

Tugaim

Tabharfaidh mé

An Fhoirm Dhiúltach - An Chéad Phearsa (X)

<i>Fréamh</i>	<i>Aimsir Chaite</i>	<i>Aimsir Láithreach</i>	<i>Aimsir Fháistineach</i>
téigh	Ní dheachaigh mé	Ní théim	Ní rachaidh mé
feic	Ní fhaca mé	Ní fheicim	Ní fheicfidh mé
abair	Ní dúirt mé	Ní deirim	Ní déarfaidh mé
déan	Ní dhearna mé	Ní dhéanaim	Ní dhéanfaidh mé
faigh	Ní bhfuair mé	Ní fhaighim	Ní bhfaighidh mé
bí	Ní raibh mé	Ní bhím	Ní bheidh mé
beir	Níor rug mé	Ní bheirim	Ní bhéarfaidh mé
tar	Níor tháinig mé	Ní thagaim	Ní thiocfaidh mé
ith	Níor ith mé	Ní ithim	Ní íosfaidh mé
clois	Níor chuala mé	Ní chloisim	Ní chloisfidh mé
tabhair	Níor thug mé	Ní thugaim	Ní thabharfaidh mé

Líon na bearnaí sa tábla seo thíos

An Fhoirm Dhearfach (✓)	An Fhoirm Dhiúltach (X)
Fuair	
Chonaic	
Rinne	
	Ní raibh
	Ní dheachaigh
	Ní dúirt

**Scríbhneoireacht****Scéal Sheáin**

Chuaigh Seán suas staighre.

Chonaic sé an tsíleáil.

Chuala sé torann thíos faoi.

Tháinig sé anuas.

Thug Mamaí milseán dó.

Dúirt sé go raibh maith agat.

D'ith sé é.

Bhí sé go deas.

Fuair sé a mhála scoile.

Rug sé ar a pheann.

Rinne sé a cheachtanna.

Is san Aimsir Chaite, an fhoirm dhearfach, atá scéal Sheáin scríofa. Anois tá dhá scéal le scríobh agat. San Aimsir Fháistineach atá siad le scríobh. Scríobh scéal amháin san fhoirm dhearfach agus scéal eile san fhoirm dhiúltach agus úsáid á baint agat as na briathra atá i scéal Sheáin.

Scríobh amach an scéal thíos san ord ceart. Tá na habairtí measctha suas.

Stop na páistí nuair a chuala siad an torann agus d'fhéach siad ar an máistir.

D'oscail sé doras an tseomra ranga.

Bhí siad ag caitheamh cistí beaga agus ceapairí lena chéile.

D'inis an Máistir an scéal dá bhean céile.

'Caithfidh tú an fód a sheasamh,' ar sise.

Bhailigh sé suas a chuid leabhar agus rith sé amach an doras.

Maidin lá arna mhárach chuaigh sé isteach ar scoil le clogad ar a cheann agus camán ina lámh.

Bhí sé ina chath idir buachaillí agus cailíní.

Chuaigh sé go dtí oifig an phríomhoide.

'Is saighdiúir a bheadh uait don rang sin,' a dúirt sé leis an bpríomhoide agus d'imigh sé leis.

Phléasc boiscín bainne ar a sheaicéad agus bhí sé clúdaithe le huachtar, le bainne agus le seacláid.

Bhuail an máistir a chamán ar an mbord.



CAIBIDIL 3

Triail Tuisceana

1. Cad a scríobh an príomhoide le cur sa pháipéar?
2. Cén fáth a ndearna sé liathróidín beag den pháipéar?
3. Cén fath a raibh an príomhoide ag scríobh fógra don pháipéar?
4. Cé mhéad iarratas a fuair an príomhoide don phost?
5. Cuireadh agallamh ar cé mhéad duine le haghaidh an phoist?
6. Déan cur síos ar Shíle Ní Fhathaigh.
7. Cén abairt a thugann le fios dúinn nár cheap an príomhoide go mairfeadh Síle Ní Fhathaigh sa rang?
8. Cén saghas duine í Úna Bean Uí Chatháin?
9. Déan cur síos ar Eoghan Mac Donnchadha.
10. Cé a fuair an post? Cén fáth?



Fógra

Scríobh fógra le haghaidh múinteoir nua do do rang féin ar scoil.



Scríbhneoireacht

Úsáid na focail/frásaí seo chun na **bearnaí a líonadh**.

Tharraing	Chuir	faoi agallamh	
de dhíth	sé troithe ar airde	ciúin séimh	
nóiméad	fógra	dúshlánach	ceisteanna

- _____sé cic ar an liathróid agus d'imigh sí thar an trasnán.
- _____ an príomhoide fógra sa pháipéar ag cuardach múinteoir nua le haghaidh Rang a Ceathair.
- Go minic bíonn ar dhaoine dul _____ le haghaidh post a fháil.
- Tá bróga nua _____orm mar go bhfuil na bróga atá agam caite amach.
- Is fear ard é, ceapaim go bhfuil sé _____.
- Chuaigh mé chuig an bpictiúrlann ach bhris an carr síos agus bhí mé 15_____mall.
- Chuir Daidí _____sa pháipéar nuair a bhí sé ag díol a chairr.
- Deir an múinteoir gur rang _____ muid.
- Is bean uasal í mo Mhamó. Deir daoine gur duine _____í.
- Chuir an garda go leor _____ ar an ngadaí.

Scríobh liosta ceisteanna a chuirfeá ar dhuine atá ag dul faoi agallamh le haghaidh post chun do rang a mhúineadh.

-
-
-
-
-
-

Gramadach

Is réamhfhocail iad seo: ag, ar, do, le,...

Réamhfhocal focal beag a chuireann síos ar áit a bhfuil rud

Réamhfhocail

ag	le	ar	do
Agam (mé)	liom	orm	dom
Agat (tú)	leat	ort	duit
Aige (sé)	leis	air	dó
Aici (sí)	léi	uirthi	di
Againn (muid)	linn	orainn	dúinn
Agaibh (sibh)	libh	oraibh	daoibh
Acu (siad)	leo	orthu	dóibh

Tá samplaí díobh le fáil ar lch 20 den leabhar.

Aimsigh agus scríobh abairtí ó leathanach 20 a bhfuil réamhfhocail iontu.

- 1.
- 2.
- 3.
- 4.

Cuir ciorcal ar na réamhfhocail sna habairtí seo thíos:

1. Tá madra mór agam.
2. Tá geansaí nua aici.
3. Fuair Seán liathróid agus amach leis ag súgradh.
4. Is breá liom prátaí ach is fearr liom sceallóga.
5. Tá Seán ag snámh. Tá culaith shnáma air.
6. Chonaic siad púca. Bhí eagla mhór orthu.
7. Níor ith sí an bricfeasta agus anois tá ocras uirthi.
8. ‘An bhfuil peann luaidhe agat?’ a d’fhiafraigh sí.
9. Bhí Éilis ag dul ar scoil agus bhí a mála scoile léi.
10. Chuaigh na páistí ar thuras scoile agus bhí an múinteoir leo.

Cuir isteach an réamhfocal ceart sa sliocht seo thíos.

Shiúil Niamh isteach _____ seomra ranga agus shuigh sí síos _____ a cathaoir. Thóg sí a leabhair agus a peann luaidhe amach _____ a mála scoile agus chuir sí _____ an mbord iad. Bhí an múinteoir ina seasamh in aice _____ an gcófra agus bhí sí ag lorg pinn. Bhí pinn de gach cineál _____ chófra. Thóg sí amach peann gorm agus chuir sí _____ an mbord é. Ansin thóg an múinteoir an leabhar agus an peann agus thosaigh sí ag scríobh _____ an gclár bán.



CAIBIDIL 4

Triail Tuisceana

1. Cá raibh an príomhoide ag éisteacht nuair a chuaigh Máistir Mac Donnchadha isteach sa seomra ranga?
2. Cad a rinne na páistí nuair a d'iarr an múinteoir orthu an leabhar matamaitice a thógáil amach?
3. Ainmnigh trí rud a caitheadh san aer.
4. Ainmnigh trí bhall de chorp an mháistir a buaileadh.
5. Cár éalaigh an máistir?
6. Cén cineál armlóin a bhí ag na páistí?
7. An raibh eagla ar an Máistir? Cá bhfios duit?
8. Cad a chonaic an príomhoide nuair a d'oscail sé doras an tseomra ranga?
9. Ar tháinig an príomhoide i gcabhair ar an Máistir Mac Donnchadha?
10. Cá ndeachaigh an Máistir ag am sosa?

Líon na bearnaí sa sliocht seo thíos leis na focail seo a leanas san áit cheart.

armlón	d'éalaigh	freagrach
san éadan	príomhoide	fíochmhar
aon chlogad	síos suas	faoin mbord
dhá mhadra bheaga		

Leis sin caitheadh leabhair san aer. Caitheadh cóipleabhair san aer. Caitheadh pinn de gach sórt san aer. Ach ní raibh _____ ar an Máistir Mac Donnchadha bocht. Buaileadh sa chloigeann é. Buaileadh _____ é. Buaileadh ar na guailí, sa mhúineál agus ar na cosa é. Ní raibh áit nár buaileadh é. Bhí beirt pháistí sa rang a bhí _____ as na cóipleabhair agus na leabhair a bhailiú ionas nach mbeadh na páistí eile gann ar _____. Bhí an bheirt acu seo ag cosa an mháistir mar a bheadh _____ ann. Leabhair agus pinn agus cóipleabhair á mbailiú acu agus iad ag rith _____ ag tabhairt an armlóin ar ais do na páistí eile. Lean an t-ionsaí _____ ar aghaidh. Ar deireadh thiar thall _____ an Máistir Mac Donnchadha leis isteach _____. Thíos san oifig bhí an _____ ag éisteacht leis an ngleo.

Cuir na focail seo a leanas in abairtí a léireoidh a mbrí:

1. Ina chírreib: _____
2. Armlón: _____
3. Fíochmhar: _____
4. Ruaille buaille: _____
5. D'éalaigh: _____

**Gramadach**

ainmfhocal	focal ar rud, áit nó duine
aidiacht	cuireann sé síos ar ainmfhocal
briathar	focal a léiríonn gníomhaíocht, rud a dhéanann tú

Cuir líne faoi na hainmfhocail atá sa liosta focal thíos.

chonaic	sa	bean	olc	scoil
rith	leabhar	ard	bóg	orm
cat	glas	faoin	a	uirthi
fuair	buí	léi	siopa	salach
sháigh	oifig	orainn	faoin	príomhoide
mór	te	carr	dearg	scamall
saibhir	scáthán	agam	mór	scríobh
tine	áthas	bocht	téigh	citeal
gaoth	cóipleabhar	faoin	orthu	ith
dom	gasta	olc	chuala	gloine

Cuir líne faoi na haidiachtaí atá sa liosta focal seo thíos.

chonaic	sa	bean	olc	scoil
rith	leabhar	ard	bóg	orm
cat	glas	faoin	chuaigh	uirthi
fuair	buí	léi	siopa	salach
sháigh	oifig	orainn	faoin	príomhoide
mór	te	carr	dearg	scamall
saibhir	scáthán	agam	mór	scríobh
tine	áthas	bocht	téigh	citeal
gaoth	cóipleabhar	faoin	orthu	ith
dom	gasta	olc	chuala	gloine

Déan na habairtí seo thíos níos suimiúla trí aidiachtaí a chur iontu.

Seo sampla:

1. Bhí an fón poca sa charr.
Bhí fón póca *álainn órga* sa charr *dearg*.

2. Tá bláthanna ag fás sa ghairdín.

3. Chonaic mé an cat ag rith.

4. Tá an múinteoir ag léamh leabhair sa seomra ranga.

5. Scríobh na páistí litir chuig an gcomhlacht.

6. Tá buachaill ag rothaíocht ar an rothar.

7. Is fear é.

8. Tá gúna ar an gcailín.

9. Cheannaigh an fear arán sa siopa.

10. Sciorr an carr ar an mbóthar.

Cuir líne faoi na briathra sa liosta focal seo thíos.

chonaic	sa	bean	olc	scoil
rith	leabhar	ard	bóg	orm
cat	glas	faoin	chuaigh	uirthi
fuar	buí	léi	siopa	salach
sháigh	oifig	orainn	faoin	príomhoide
mór	te	carr	dearg	scamall
saibhir	scáthán	agam	mór	scríobh
tine	áthas	bocht	téigh	citeal
gaoth	cóipleabhar	faoin	orthu	ith
dom	gasta	olc	chuala	gloine

Aimsigh 5 ainmfhocal agus 5 bhriathar i gCaibidil 4***Briathar***

Ainmfhocal

**Scríbhneoireacht**

Scríobh alt faoin am a raibh do rang ar scoil imithe ó smacht. Cad a tharla? Cad a dúirt an príomhoide?



Stór Focal

Tá na litreacha sna focail seo thíos measctha. Cuir ar ais san ord ceart iad le teacht ar fhocail sa chaibidil seo. Rinneamar an chéad cheann duit.

arealhb	leabhar	(rud a léann tú)
piást	_____	(daoine óga)
nólam	_____	(ag teastáil le haghaidh catha)
phabrralóice	_____	(bím ag scríobh ann ar scoil)
doeipmíhor	_____	(an duine atá i gceannas ar an scoil le haghaidh catha)
ohmrafíc	_____	(tá leon mar seo)
maoesr	_____	(_____ suite, _____ codlata)
núic	_____	(bíonn luchóg mar seo)



CAIBIDIL 5

Triail Tuisceana

1. Cén fáth ar chuir an príomhoide glaoch ar Bhean Uí Chatháin maidin lá arna mhárach?
2. Cé mhéad ama a chaith Bean Uí Chatháin le Rang a Ceathair?
3. An raibh morán taithí múinteoireachta aici? Cá bhfios duit?
4. Cad iad na fáthanna ar cheap an príomhoide go ndéanfadh Rang a Ceathair óinseach de Shíle?
5. Ar mhínigh an príomhoide an fhírinne do Shíle faoi cé chomh fiáin is a bhí an rang?
6. Cén fath, meas tú, an raibh an post seo ag teastáil go dóite uathí?
7. Cad iad na bealaí a chuirfeá smacht ar Rang a Ceathair.
8. Scríobh an plean a bhí ag an deartháir.



Scríbhneoireacht

Cuir na frásaí seo in abairtí.

maidin lá arna mhárach	róchiúin	chomh fiáin le pocáin ghabhair
fírinneach macánta	go dóite	mo sheacht míle dícheall

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____



Plé Ranga

Pléigh an nath seo: ‘Chomh fiáin le pocáin ghabhair’. Cad is brí leis?



CAIBIDIL 6

Triail Tuisceana

1. Cén saghas éadaí a bhí ar Iníon Uí Fhathaigh nuair a shiúil sí isteach in oifig an príomhoide?
2. Meas tú cad a cheap an príomhoide nuair a chonaic sé Síle Ni Fhathaigh an mhaidin sin?
3. Cé na mothúcháin a bhí ag Síle an mhaidin sin?
4. Cén plean a bhí ag Síle?
5. Déan cur síos ar a raibh ar siúl sa rang nuair a shiúil Síle isteach.
6. Cá bhfios duit go raibh ionadh ar an rang nuair a shiúil Síle isteach.
7. Cén fáth ar thit an príomhoide ina chnap ar an urlár?
8. Cad a cheap an rang nuair a tharraing Síle cic ar an bpríomhoide?
9. Déan cur síos ar na buillí ar fad a fuair an príomhoide.
10. Déan cur síos ar an bplean a bhí déanta ag Síle chun smacht a chur ar an rang.

Líon na bearnaí leis na focail agus frásaí ón mbosca.

doras	péint dhearg	d'oscail
ag rince	taobh thiar	greim cluaise
chaith sí	amháin	bpointe boise

Cúig nóiméad ina dhiaidh sin _____ Iníon Uí Fhathaigh doras sheomra Rang a Ceathair. D'fhan an príomhoide taobh amuigh den _____. Bhí cluiche camógaíochta ar siúl ag cuid de na cailíní. Bhí cuid eile acu _____ ar na boird. Bhí beirt bhuachaillí ag cur _____ ar an gclár bán agus triúr eile ag imirt peile _____ den doras. Rug Iníon Uí Fhathaigh _____ ar an bpríomhoide agus tharraing sí isteach an doras é. 'Haigh Áá!' ar sise agus _____ ar an urlár é. Stop an cluiche peile ar an bpointe boise. Stop an phéinteáil. 'An bhfaca sibh é sin!' arsa cailín _____. 'Haigh Áa! arsa Iníon Uí Fhathaigh arís. Stop an rince ar an _____.



Plé Ranga


Pléigh conas ba cheart plé leis an rang seo. An raibh an príomhoide tacúil? Cén plean a bheadh ag na páistí i do rangsa?



Taighde

Déan taighde ar *karate*. Conas mar a dhéanann tú traenáil *karate*? Cé na scrúdaithe is gá a dhéanamh? Cé na céimeanna foghlama a bhíonn i gceist? Cén saghas éadaí a chaitear? Faigh amach faoi stair *karate*, ranganna i do cheantar etc.

Crosfhocal



Trasna

1. Déantar uibheacha
Cásca as
4. Oibríonn an rúnaí sa
seomra seo
7. Tá 60 díobh seo
in uair a chloig
9. Bíonn madra _____
nuair a thaispeánann sé na
fiacra
10. Is _____ í an pheil
13. Bíonn an duine seo i
gceannas ar an scoil
14. Bíonn _____ ag
saighdiúir
15. Análaíonn tú é seo isteach
agus amach

Síos

2. Is _____ é an lató
3. Caithfeadh dul faoi _____ nuair a bhíonn post á lorg
agat
5. Suíonn do mhúineál orthu seo
6. Tugann an bhó dúinn é
8. Tá post ag an duine seo san arm
11. Fuaim mhór
12. Glanann tú do shrón leis seo



LÉIRMHEAS

Teideal an úrscéil: _____

An foilsitheoir: _____

Údar an scéil: _____

An t-ealaíontóir: _____

Cá bhfuil an scéal suite? _____

Roghnaigh carachtar amháin. Déan cur síos air/uirthi.

Anois, scríobh alt mar achoimre ar an scéal.

Bí cinnte go luann tú iad seo:

- Na carachtair
- An fhadhb sa scéal
- Na príomheachtraí (na príomhrudaí a tharla) go dtí seo

Ansin, léigh d'achomre do do pháirtí. Ar fhág tú aon eolas tábhachtach amach nó ar chuir tú eolas isteach nach raibh tábhachtach? An féidir leat í a fheabhsú? An gá dréacht eile a scríobh?

